C/2025/2725

8.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11602 – SES / INTELSAT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2725)

1. An 29 Aibreán 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— SES S.A. ('SES', Lucsamburg), agus

— Intelsat Holdings S.à.r.l. ('Intelsat', Lucsamburg), atá faoi rialú aonair Allianz SE (an Ghearmáin) faoi láthair.

Gheobhaidh SES rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Intelsat ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá flít satailítí domhanfhithiseacha geochobhsaí agus satailítí meán-domhanfhithiseacha ag SES agus bíonn sé á n-oibriú,

— Tá flít satailítí domhanfhithiseacha geochobhsaí ag Intelsat agus bíonn sé á n-oibriú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11602 – SES / INTELSAT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').